



*Gloine dhaite Harry Clarke i gCill Chonaill, Co. na Gaillimhe*

I measc na gnéithe a bheadh le fáil i bhfoirgimh tionscail ar nós muilte uisce bheadh an tarae, áitheanna, muilte ramhraithe agus innealra. Tar éis iniúchadh cúramach a dhéanamh ar an acmhainn, tá athchóiriú ar muileann den chineál seo mar fhócas ag Grúpa Oidhreachta Bhaile Liam i dTuaisceart na Gaillimhe



### ***Muileann Teampall an Tóchair, Baile Liam, Co. na Gaillimh***

Déan nóta de phatrúin lonnaíochta an am atá caite agus an lae inniu atá le fáil i do cheantar áitiúil. An bhfuil aon fhianaise ann de shean-shráidbhailte nó lonnaíochtaí den chineál clachan? Bí san airdeall ar logainmneacha ársa, ainmneacha páirceanna agus ainmneacha fo-bhailte fearainn. Cén difríocht atá idir patrún lonnaíochta áitiúil an lae inniu agus patrún an am atá caite?

#### **CATAGÓIR 5**

#### **Traidisiúin, Logainmneacha agus Béaloideas**

I rith an suirbhé allamuigh, labhair leis an oiread de mhunitir na háite is féidir. Fiosraigh maidir le haon traidisiúin nó scéalta áitiúil a mbeadh baint acu le gnéithe atá ar an dtúrdhreach m.sh. an traidisiún de bheith ag ceangailt ceirteacha den chrann ag Ardeaglais Chluain Feartal, scéalta a bhaineann le tobair bheannaithe 7<sup>rl</sup>.



***Crann Cheirteach, Cluain Fearta, Co. na Gaillimhe***

Is minic go ndéanann ainm an bhaile fearainn tagairt do ghné tírdhreiche m.sh. Cloonmore – *Cluain Mor* - the big meadow, Derry – *Doire* – oakwood, *Cill* – church, *Lios* – enclosure/ringfort. Déan iarracht a dhéanamh amach cén brí atá le ainm do bhaile fearainn. Bíonn ainmneacha páirceanna fós le fáil i gceantair ar leith – ach is annamh a dhéantar taifead orthu. Pé áit ar féidir fiosraigh faoina leithéid d’ainmneacha agus déan iad a thaifead ar do mhapa.

Bailigh aon béaloideas a chloisfidh tú faoin gceantar áitiúil. Más féidir déan taifead ar chuid de na scéalta atá ag muintir an phobail. Ta treoirlínte úsáideach i sárleabhar Sheáin Uí Shúilleabháin *‘A Handbook of Irish Folklore’*. Is minic nach bhfaighfear ach blúirí eolais faoi ghné speisialta inspéise ag leibhéal áitiúil ach sa mbéaloideas amháin. Is é seo do sheans na hábhair ríluachmhar seo a bhaint amach agus iad a thaifead do gach aon duine agus do ghiniúintí amach romhainn.

Is foinse úsáideach eolais í An Bailiúchán Béaloideas Náisiúnta i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath atá le fáil i bhformáid lámhscríbhinn agus grianghrafadóireachta. Is minic le bailiúchán Na Lámhscríbhinní Scoile arb é atá inti ná aistí a scríobh páistí scoile áitiúil i 1938 tuairiscí ar ghnéithe oidhreachta áitiúil agus scéalta áitiúil a bheith iontu. Is féidir teacht air i Leabharlann an Chontae.



Is cóir ceol, amhráin agus damhsa áitiúil a nótáil agus a fhiosrú chomh maith. Pé áit gur féidir ba chóir taifid físe nó fuaime a dhéanamh.

# Roinn IV

## An tEolas a Dhoiciméadú agus a Thiomsú

Nuair atá suirbhé allamuigh baile fearainn críochnaithe agat, tarraing mapa imlíneach den bhaile fearainn ag úsáid an mapa OS 6 orlach mar bhonn agus aistrigh do chuid eolais ar fad atá taifeadta agat chuig an cóip seo. Anois tá mapa agat de ghnéithe oidhreachta an bhaile fearainn mar atá siad ar thórdhreach an lae inniu.

An chéad céim eile atá romhat ná cuntas a scríobh ar na gnéithe oidhreachta inspéise atá sa mbaile fearainn. Ba chóir don cuntas seo tagairt do na gnéithe atá le fáil ar an mapa tionlacain. Ba chóir sceitsí, grianghraif agus taifid bainteach a chur san áireamh.

Má dhéantar suirbhé ar gach baile fearainn agus má chuirtear an t-eolas le chéile mar seo, gheobhaidh tú bailiúchán cuimsitheach eolas ar an oidhreacht áitiúil. Más féidir ba chóir an t-eolas seo a shábháil go leictreonach ag úsáid córas bunachar sonraí.

Ón mbailiúchán eolais seo beidh sé níos soiléire dhuit céard iad gnéithe oidhreachta leithleach do cheantar áitiúil.

Nuair a bheidh iniúchadh an cheantair a roghnaigh tú críochnaithe (taifeadta i do dhoiciméad straitéiseach) beidh tú ábalta díriú isteach ar ghnéithe speisialta den oidhreacht áitiúil. Ba chóir go dtiocfadh féidearthachtaí do thaighde dhomhain agus /nó tionscadail phraiticiúil chun cinn.

Ina dhiaidh sin níl ann ach cás de ‘cén chomh fada is atá píosa sreangán?’ Tá bunachar sonraí anois agat go mba cheart go stiúródh do chuid spéise agus do chuid taighde go ceann i bhfad.



# Tagairtí

Hennessy R., Feely, M. *'Galway County in Stone: The Geological Heritage of Connemara. Series 1: Twelve Bens'* 2005 NUI, Galway. CD-Rom. An Action of the Galway County Heritage Plan 2004-2008.

[www.heritagedata.ie](http://www.heritagedata.ie)

O'Riordan, E. *'The Biodiversity of North East Galway'* People and Nature Project, Galway 2005. An Action of the Galway County Heritage Plan 2004-2008.

Harbison, P. *'A Thousand Years of Church Heritage in East Galway'* Ashfield Press, Dublin 2005. An Action of the Galway County Heritage Plan 2004-2008.

O'Suilleabhain, S. (1942) *'A Handbook of Irish Folklore'* Dublin 1942, Detroit 1970.